

Nóta Faisnéise

Tosach Feidhme Forálacha Áirithe d’Acht na hOidhreacht Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 a bhaineann le húinéireacht rudaí seandálaíochta agus stairiúla a goideadh nó a fuarthas ar bhealach calaoiseach.

Brollach agus achoimre

Ar an 10 Deireadh Fómhair 2025, tháinig foráil bhreise [d’Acht na hOidhreacht Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023](#) (Acht 2023) i bhfeidhm.

Go hachomair, déileáiltear sa chuid nua sin den Acht, alt 131, leis an gceist maidir le haistriú teidil i gcás rudaí seandálaíochta nó stairiúla a fuarthas ar bhealach calaoiseach nó mímhacánta. Cinntítear leis an alt sin, beag beann ar rialacha áirithe den dlí, nach féidir le duine teideal bailí a fháil ar rudaí seandálaíochta agus stairiúla (lena n-áirítear gnéithe a baineadh de na séadchomharthaí) má tá baint ag calaois nó mí-ionracas lena bhfáil.

Príomhghnéithe den fhoráil

Is é an prionsabal ginearálta sa dlí ná nach mbíonn teideal bailí ag duine a fhaigheann earraí trí chalaois nó trí mhí-ionracas, ná ag duine dá dtugtar na hearraí sin ina dhiaidh sin. Mar sin féin, tá eisceachtaí áirithe ann maidir leis sin. Ar an gcéad dul síos, i gcás go ndíoltar earraí i “margadh oscailte” (i mbeagán focal, margadh poiblí oscailte). Ar an dara dul síos, i gcás go bhfaigheann duine earraí trí chalaois nó trí mhí-ionracas agus go mbíonn teideal in-neamhnithe acu seachas teideal neamhnitheach, mar shampla, má bhí sé ar intinn ag an díoltóir na hearraí a thabhairt ach cuireadh dallamullóg orthu (m.sh. le seic bréige nó le híocaíocht leictreonach bhréagach), ach gur éirigh leis an gceannaitheoir calaoiseach na hearraí a dhíol le tríú páirtí nár thuig cad a bhí ag tarlú sula raibh deis ag an díoltóir iad a éileamh ar ais. Ní bheidh feidhm ag na heisceachtaí sin a thuilleadh maidir le rudaí seandálaíochta ná stairiúla (mar atá sainmhínithe faoi Acht na hOidhreacht Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 (AOSSFI); bainfidh sé sin freisin le codanna bainte de shéadchomharthaí a chosnaítear faoin Acht céanna, cé gur dócha go mbeidís, ar aon chaoi, san áireamh i raon feidhme na rudaí seandálaíochta agus stairiúla).

Coinbhinsiún na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh (IIADP) sa Róimh, 1995 agus Coinbhinsiún EOCNA i bPáras, 1970

Ina thuairisc in 1997 ar Choinbhinsiún IIADP, 1995 maidir le Réada Cultúrtha a Goideadh nó a Onnmhairíodh go Neamhdhleathach, thug an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le fios go gcabhródh sé le daingniú an Choinbhinsiúin (agus le cosaint oidhreacht go ginearálta) dá n-eiseofaí an riail maidir le “margadh oscailte” agus an riail maidir le díol faoi theideal

in-neamhnithe ó raon feidhme na rudaí cultúrtha. Le halt 131 cuirtear an chur chuige molta sin chun feidhme.

Nuair a bheidh tús curtha le forálacha eile de Chuid 4 den Acht 2023 (ina bhfuil alt 131) cumasóidh siad don Stát an dá Choinbhinsiún seo a leanas a dhaingniú: Coinbhinsiún 1995 agus Coinbhinsiún EOECA i bPáras, 1970 maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta Réadmhaoine nó Airnéise Cultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc. Tá an Roinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le tosach feidhme na bhforálacha sin. Idir an dá linn, is céim thosaigh thábhachtach é teacht i bhfeidhm alt 131. Tá na sainmhínithe ar “rud seandálaíochta” agus “rud stairiúil” le fáil in alt 2 den Acht 2023, a tháinig i bhfeidhm cheana féin. AOSSFI (tosaithe cheana).

Oibreoidh na hathruithe dlíthiúla a thiocfaidh i bhfeidhm mar ábhar dlí, agus cuirfidh na Cúirteanna i bhfeidhm iad sna cásanna cuí. Ní cheanglaítear ar na hAirí ná ar institiúidí náisiúnta cultúrtha aon ghníomh riaracháin ná gníomh cur chun feidhme eile.

Is le haghaidh faisnéise amháin a chuirtear an méid thuas ar fáil, agus ní léirmhíniú dlí atá i gceist leis.

**Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Deireadh Fómhair 2025**